Fógra Tábhachtach

An Tástáil Náisiúnta Carranna (NCT) Míreanna Nua na Tástála

Tar éis comhairliúcháin phobail i rith 2009, mhol an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre míreanna nua tástála a chur leis an Tástáil Náisiúnta Carranna (NCT) i dtús 2010. Cuirfidh na míreanna nua seo feabhas ar shábháilteacht na bhfeithiclí ar ár mbóithre, ar mhaithe le húinéirí na bhfeithiclí agus daoine a úsáideann na bóithre freisin. Beidh na míreanna nua mar chuid den Tástáil Náisiúnta Carranna ó **1 Aibreán 2010** ar aghaidh.

Seo a leanas na míreanna nua:

1. Tréshoilseacht an ghaothscátha agus na dtaobhfhuinneog tosaigh
Caithfidh leibhéal tarchur solais 65% nó níos airde a bheith ag gloine an ghaothscátha agus gloine na dtaobhfhuinneog chun pas a bhaint amach sa tástáil.

2. Cúl-lampa ceo
Déanfar scrúdú ar an gcúl-lampa ceo, má tá ceann feistithe, chun cinntiú go n-astaíonn sé solas dearg atá sofheicthe.

3. Lampa cúlaithe
Déanfar scrúdú ar an lampa cúlaithe, má tá ceann feistithe, chun cinntiú go n-astaíonn sé solas bán atá sofheicthe.

4. Boinn
Teipfidh ar an bhfeithicil mura bhfuil marc “E” nó “e” le feiceáil ar na boinn chun cinntiú go bhfuil siad ar aon dul leis na híoschaighdeáin.

5. Tásclampaí ag cur lochtanna leis an gcóras málaí aeir, córas leictreonach rialaithe cobh saíochta (ESC) agus córas leictreonach coscánaithe (EBS) / córas coscánaithe frithghlasála (ABS) in iúl
Teipfidh ar an bhfeithicil mura bhfuil tásclampa lochta córais ag obair nó má chuireann sé locht sa chóras in iúl.

6. Lampa cúlphláta clárúcháin
Mura bhfuil an lampa/na lampaí cúlphláta clárúcháin ag obair i gceart, eiseofar Teip Chomhairleach, i.e. moltar an locht a dheisiú go daingean, ach, bainfidh an fheithicil pas amach sa tástáil fós.

7. Torann Sceite na Feithicle
Caithfidh leibhéal torainn na feithicle a bheith 99dB(A) nó níos ísle chun pas a bhaint amach sa tástáil agus chun cinntiú go bhfuil an fheithicil ar aon dul leis na rialacha maidir le leibhéal torainn inghlactha.

Tabhair faoi deara go gcaithfidh custaiméirí ceadúnas tiomána bailí nó pas a thabhairt ar láimh nuair atá siad ag tabhairt feithicle le tástáil. Ba chóir do chustaiméirí a chinntiú go mbaineann a gcáipéisí cláraithe feithicle leis an bhfeithicil toisc go gcuirfear i gcomparáid le comhad na feithicle iad.

Is féidir tuilleadh eolais a fháil i leagan nua den Treoirleabhar NCT atá ar fáil anois ar shuíomh an t-Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre **www.rsa.ie**

Údarás Um Shábháilteacht Ar Bhóithre
Road Safety Authority